



GDPR

GDPR

RGCS/GDPR

Cearta do Dhaoine Aonair

Treoir do Scoileanna

GDPR do dhaoine aonair

Cuireadh an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018 in ionad dhlíthe reatha cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh.

Mar gheall ar an dlí nua tá níos mó smachta ag daoine aonair ar a gcuid sonraí trí chearta breise agus trí chearta atá sainmhínithe ar bhealach níos soiléire a leagan amach do dhaoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á mbailiú agus á bpróiseáil ag eagraíochtaí. Leagann an GDPR oibleagáidí comhfhreagracha agus méadaithe go mór ar eagraíochtaí a bhailíonn na sonraí seo freisin.

Is éard is faisnéis phearsanta ná aon fhaisnéis a d'fhéadfadh duine aonair a aithint. Áirítear leis seo ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh (mar shampla, sonraí suímh bailithe ag fón póca) nó seoladh poist, stair bhrabhsála ar líne, íomhánna nó aon ní a bhaineann le céannacht fhisiciúil, fhisiceolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó chéannacht shóisialta duine.

Tá an GDPR bunaithe ar lárphrionsabail cosanta sonraí atá ann faoin dlí reatha. Faoi na prionsabail seo éilítear ar heagraíochtaí agus ar gnóthaí:

- gan sonraí a bhailiú ó dhuine aonair ach na sonraí atá riachtanach chun na críche lena n-úsáidfear iad;
- sonraí pearsanta a fháil go cothrom ón duine aonair trí fhógra ar an mbailiúchán agus ar a chuspóir sonracha a thabhairt dó/di;
- gan na sonraí a choinneáil ar feadh níos faide ná mar is gá chun na críche sonraithe sin;
- sonraí a choinneáil sábháilte agus slán; agus
- cóip dá s(h)onraí pearsanta a sholáthar má lorgaítear iad.

Faoin GDPR tá cearta breisithe suntasacha ag daoine aonair:

- eolas a fháil faoin gcaoi a ndéanann eagraíocht nó gnólacht a gcuid sonraí a phróiseáil;
- cóipeanna de na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag eagraíocht orthu;
- sonraí míchearta nó neamhiomlána a bheith ceartaithe;
- go ndéanfaidh eagraíocht a gcuid sonraí a scriosadh, i gcás, mar shampla, nach bhfuil aon chúis dhlísteanaigh ag an eagraíocht na sonraí a choinneáil;
- a gcuid sonraí a fháil ó eagraíocht agus na sonraí sin a bheith tharchurtha chuig eagraíocht eile (Iniomparthacht Sonraí);
- agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a gcuid sonraí ag eagraíocht in imthosca áirithe;
- gan a bheith faoi réir cinntí uathoibríthe (a bhfuil roinnt eis-ceachtaí ann), lena n-áirítear próifiliú.
-

Éileofar ar eagraíochtaí a bhailíonn agus a phróiseálann sonraí pearsanta caighdeán an-ard a chomhlíonadh maidir le conas a bhailíonn, a úsáideann agus a chosnaíonn siad sonraí. Agus níos tábhachtaí ná aon rud eile, ní mór d'eagraíochtaí a bheith trédhearcach i gcónaí le daoine aonair maidir le conas a úsáideann siad sonraí pearsanta agus maidir le conas a choinníonn siad slán iad a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a chur ar fáil go héasca, go gonta, i dteanga shoiléir atá furasta le tuiscint.

Maidir le heagraíochtaí agus le gnólachtaí a sháraíonn an dlí, tabharfar cumhachtaí níos láidre don Choimisinéir Cosanta Sonraí chun smachtbhannaí an-suntasacha a fhorchur, lena n-áirítear an chumhacht fíneálacha a ghearradh. Faoin dlí nua, beidh an OCS in ann fíneáil suas le € 20 milliún (nó 4% den láimhdeachas domhanda iomlán) a ghearradh as na sárúithe is tromchúisí.

Tabharfaidh an GDPR cead do dhaoine aonair cúiteamh a lorg trí na cúirteanna as sárúithe ar a gcearta príobháideachais sonraí, lena n-áirítear imthosca in nach raibh damáiste ar bith nó cailteanas airgeadais i gceist.